


# AG IMIRT PEILE



**Pictíúr: Radharc:**

Sa pháirc, cúigear buachaill agus éadaí peile orthu, geansaí peile, liathróid bhog ag Tomás, liathróid chrua ag Páid, ansin í ar an talamh; ciornal cainte agus comhartha ceiste.

Gníomhartha agus geáitsíocht a úsáid de réir mar a bhíonn gá leo.

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

### Cuntas Reatha

Inniu an Satharn.\* Tá cúigear buachaill sa pháirc. Tá siad ag dul ag imirt peile. Féach! Tá geansaí nua ar Sheán. Níor tháinig Páid fós.

\*Nó cibé lá a oireann.

### Agallamh

SEÁN: Cé aige a bhfuil an liathróid?

TOMÁS: Tá sí agamsa. Seo duit.

GO LÉIR: Beir ar an liathróid, a Sheáin.

SEÁN: Tá sí bog.

TOMÁS: Ach féach! Tá liathróid chrua ag Páid.

PÁID: Cuirfidh mé síos ar an talamh í.

GO LÉIR: Tabhair cic di anois, a Pháid.

## CÉIM 2. AITHRIS

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Inniu an Luan?

Tá beirt bhuachaill sa pháirc?

Céard atá siad a dhéanamh?

Céard faoi Sheán?

Agus Páid?

Cuir ceist faoin liathróid, a “Sheáin”.

Freagair é, a “Thomáis”.

Tabhair dó í.

Céard a deir sibh go léir le Seán, a “bhuauchailí”?

Agus céard a deir tusa faoin liathróid, a “Sheán”?

Feiceann tusa rud éigin, a “Thomáis”?

Céard a dhéanfaidh tú, a “Pháid”?

Anois, a “bhuauchailí”, abair leis cic a thabhairt di.

## CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá cùigear *buachaill* sa pháirc.  
(*beirt, triúr, ceathrar, buachaill amháin*).
2. *Inniu an Satharn.*  
(*inné an —, amárach an —, agus laethanta eile na seachtaine a dhéanamh mar seo*).
3. Tá siad ag dul *ag imirt peile*.  
(*amach ag súgradh, amach sa ghairdín, síos an staighre, ar scoil, ar Aifreann, ag snámh*).
4. *Níor tháinig Páid*  
(*amárach,anois\**).
5. Tá liathróid *ag Páid*.  
(*tusa, mise, eisean, ise, sibh, iadsan*).

## CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma eile:  
Páistí ag imirt peile ar an trá.
3. Scéal beag a chumadh:  
Breithlá Choilm—fuair sé liathróid nua mar bhronntanas

\*“Nil Páid ag teacht”.

*nó*

Dráma: Bríd agus Nónírín ag cur síos ar an gcluiche a bhí ag na buachaillí.

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. An scéal a léiriú i bpictiúir.

### Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Chuaigh na buachaillí amach  
Sa pháirc ag imirt peile.  
Bhí triúr acu ar thaobh amháin  
Is beirt acu ar an taobh eile.

II

Duine, beirt, triúr, ceathrar, cùigear  
Sa pháirc ag imirt peile.  
Bhí geansaí peile ar dhuine amháin,  
Is seanléinte ar an gcuid eile.

III

Cúigear buachaill amuigh sa pháirc,  
Is iad ag imirt peile,  
Le liathróid leathair álainn chrua,  
Is bróga deasa néata.